C/2025/3986

20.8.2025

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Iúil 2025

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hIodáile

(C/2025/3986)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú ([2]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Breithnithe ginearálta

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí inbhuanaithe fónta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach in CFAE. Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin. Leis an Rialachán, cuirtear úinéireacht náisiúnta i leith an bheartais fhioscaigh chun cinn, agus béim á leagan ar an bhfócas meántéarmach a bhaineann leis an mbeartas céanna, agus i dteannta leis sin cuirtear forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí chun cinn chomh maith. Ní mór do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, plean ina mbeidh a chuid gealltanas fioscach, athchóiriúcháin agus infheistíochta, thar thréimhse 4 nó 5 bliana, de réir fhad an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais ([3]) sna pleananna sin ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais ollfhiachas rialtais a chur nó a choimeád ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt agus/nó a choimeád faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, sa mheántéarma. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith ábhartha d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán, féadtar síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

([1]) IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.
([2]) IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.
([3]) Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar na rudaí seo a leanas: (i) caiteachas úis; (ii) bearta lánroghnacha ioncaim; (iii) caiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais; (iv) caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas; (v) gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta; agus (vi) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(2) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus soláthraítear spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an tSaoráid an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a chothú, agus spreagann sí athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí trína gcuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn agus trína gcuirtear le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(3) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur, de réir a chéile, le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuidíonn sé sin ó thaobh slándáil fuinnimh a bhaint amach agus ó thaobh soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus an tráth céanna, cuireann sé le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, le hacmhainneachtaí stórála agus le héifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Iodáil caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha a chuideoidh ó thaobh cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(4) An 30 Aibreán 2021, chuir an Iodáil a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 den Rialachán sin, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile ([6]) a leasaíodh de réir Airteagal 18(2) an 8 Nollaig 2023 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a thabhairt cothrom le dáta, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh ([7]). Chun go scaoilfear na tráthchodanna, caithfidh cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5), ina sonraítear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle bainte amach go sásúil ag an Iodáil. Ní féidir gnóthú sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna roimhe sin maidir leis an athchóiriú céanna nó an infheistíocht chéanna.

(5) An 21 Eanáir 2025, ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hIodáile ([8]). Cuireadh an plean isteach i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263, cumhdaíonn sé an tréimhse ó 2025 go 2029 agus cuireann sé i láthair coigeartú fioscach thar 7 mbliana.

(6) An 26 Samhain 2024 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na hIodáile 2025. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin go bhfuil an Iodáil ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([9]) an 13 Bealtaine 2025 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 10 Márta 2025.

(7) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann na trí riachtanas chlaochlaitheacha a bhaineann le fás eacnamaíoch inbhuanaithe: (i) an nuálaíocht; (ii) an dícharbónú agus an

([4]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile (10160/2021).

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil (16051/2023).

([8]) Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na hIodáile, (IO C/2025/651, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/651/oj).

([9]) Moladh (AE) ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2025/2782, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2782/oj).

t-iomaíochas; agus (iii) an tslándáil. Chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, tá sé d'aidhm ag an Aontas nuálaíocht thionsclaíoch a chothú, tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta trí thionscnaimh amhail an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn, an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht chandamach, cuir i gcás. Ar mhaithe le geilleagar níos glaise a bhaint amach, tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach um Fhuinneamh Inacmhainne agus Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leagtha amach ag an gCoimisiún, rud a áiritheoidh go mbeidh an t-aistriú chuig fuinneamh glan costéifeachtach, fabhrach don iomaíochas i gcónaí, go háirithe i gcás earnálacha dianfhuinnimh, agus ina spreagadh don fhás. Chun spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú, tá an tAontas tiomanta do chomhpháirtíochtaí trádála domhanda a neartú, do shlabhraí soláthair a éagsúlú agus do rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar fhoinsí fuinnimh glana a áirithiú. Is iad na cumasóirí cothrománacha seo a leanas atá ina mbonn taca ag na tosaíochtaí sin – simpliú rialála, doimhniú an mhargaidh aonair, maoiniú iomaíochais agus Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, cur chun cinn scileanna agus poist ardcháilíochta , agus comhordú níos fearr ar bheartais an Aontais. Tá an Compás Iomaíochais ailínithe leis an Seimeastar Eorpach, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(8) In 2025, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis de réir mar a bheidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá na moltaí tírshonracha sin fós chomh hábhartha céanna maidir leis an measúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Na príomhdhúshláin beartais eacnamaíoch nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach leis na bearta atá sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cumhdaíonn moltaí tírshonracha 2025 iad, agus na dúshláin ábhartha a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2019-2024 á gcur san áireamh.

(10) An 4 Meitheamh 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2025 maidir leis an Iodáil. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Iodáil ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile a mheas. I bhfianaise na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an Iodáil. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na hIodáile ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú an eisiata shóisialta agus na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(11) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an Iodáil faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha i gcás na hIodáile, ar measúnú é a rinneadh chun críocha an Rialacháin sin, foilsíodh iad an 13 Bealtaine 2025 ([10]). An 4 Meitheamh 2025, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ag an Iodáil. Go háirithe, tá leochaileachtaí fós ann a bhaineann le fiachas ard rialtais agus méadú lag táirgiúlachta, i gcomhthéacs leochaileachtaí i margadh an tsaothair agus roinnt laigí i margaí airgeadais, a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leo. In 2024, bhí cóimheas fiachais an rialtais os cionn an leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim agus tháinig méadú air, rud a d'athraigh an chonair anuas a breathnaíodh sa tréimhse tar éis 2020, cé gur íslíodh an t-easnamh agus gur baineadh príomhbharrachas amach, de réir mar a tháinig moill shuntasach ar fhás OTI ainmniúil agus mar a tháinig coigeartuithe sreabhaidh i leith stoic lena méadaítear fiachas chun bheith suntasach mar gheall ar an tionchar mall ar iasachtaíocht airgid a bhí ag na creidmheasanna cánach le haghaidh athchóirithe tithíochta sna blianta roimhe sin. Leanadh d'fheabhas a chur ar tháscairí mhargadh an tsaothair. Tá a gcáilíocht sócmhainní agus a mbrabúsacht neartaithe go suntasach ag bainc na hIodáile; tháinig laghdú beag ar a neamhchosaint ar riosca ceannasach agus ar stoc na n-iasachtaí faoi ráthaíocht stáit ach tá siad fós suntasach. Thug roinnt beartas aghaidh cheana féin ar na leochaileachtaí a sainaithníodh, ach tá sé ríthábhachtach fós athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme go leanúnach agus go héifeachtach, go háirithe iad siúd sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus sa phlean fioscach-struchtúrach meántéarmach, mar aon le seasamh fioscach stuama. Tá cur chun feidhme iomlán na mbeart i bplean fioscach-struchtúrach meántéarmach na hIodáile ríthábhachtach chun a áirithiú nach n-ardódh an cóimheas ard fiachais rialtais a thuilleadh sa mheántéarma. Cuireadh roinnt beartas chun feidhme chun inbhuanaitheacht fhioscach a chothú, mar shampla feabhas a chur ar an athbhreithniú bliantúil ar chaiteachas, imghabháil cánach a chomhrac, an ding chánach a laghdú go buan, agus athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas cánach. Mar thoradh ar athchóirithe freisin, rinneadh dul chun cinn suntasach sa chreat dócmhainneachta agus i margadh na n-iasachtaí neamhthuillmheacha. Glacadh an creatdlí (an Gníomh um Uas-scálú) chun tacú le caipiteal fiontair a fhorbairt agus chun rannpháirtíocht infheisteoirí institiúideacha a chur chun cinn. Tacaíonn bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta le gnóthachain táirgiúlachta agus cuidíonn siad le leas breise a bhaint as acmhainneacht saothair na hIodáile, rud a éascóidh díghiaráil fiachais phoiblí. Tá cur chun feidhme éifeachtach na mbeart sin fíor-riachtanach.

([10]) An Coimisiún Eorpach (2025), Grinn-Athbhreithniú 2025 – An Iodáil, GEILLEAGAR EORPACH, Páipéar Institiúideach 310.

Measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn

(12) An 21 Eanáir 2025, mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas le haghaidh na hIodáile: 1,3 % in 2025, 1,6 % in 2026, 1,9 % in 2027, 1,7 % in 2028 agus 1,5 % in 2029, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2023, mar atá - 0,7 % in 2025, 0,9 % in 2026, 2,8 % in 2027, 4,6 % in 2028 agus 6,2 % in 2029. In 2025-2026, beidh uasrátaí fáis sin an ghlanchaiteachais ag teacht leis an gconair cheartaitheach i gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ([11]), mar a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025 d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach ([12]). An 30 Aibreán 2025, thíolaic an Iodáil a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ([13]), maidir le gníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar an moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach, cur chun feidhme na sraithe athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear ar na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na hIodáile i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(13) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Mhol an Coimisiún clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa suntasach ar chaiteachas cosanta a bhaint amach agus ba dhíol sásaimh do Chomhairle Eorpach an 6 Márta 2025 an togra sin.

(14) Ar bhonn sonraí atá fíoraithe ag Eurostat ([14]), tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na hIodáile ó 7,2 % de OTI in 2023 go 3,4 % in 2024, agus tháinig méadú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 134,6 % de OTI ag deireadh 2023 go 135,3 % ag deireadh 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ráta fáis glanchaiteachais - 2,2 % in 2024. Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le 2025, measann an Iodáil gurb é - 2,1 % an fás glanchaiteachais in 2024. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach ([15]), lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid fhioscach chrapthach ann in 2024, mar atá 3,2 % de OTI.

(15) De réir na Tuarascála Bliantúla ar Dhul Chun Cinn, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca le réamh-mheastacháin bhuiséadacha na hIodáile, tá coinne le fás fíor-OTI 0,6 % in 2025 agus 0,8 % in 2026, agus réamh-mheastar go mbeidh boilsciú ICPT 2,1 % ann in 2025 agus 1,9 % in 2026. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 0,7 % in 2025 agus faoi 0,9 % in 2026, agus go mbeidh boilsciú ICPT 1,8 % ann in 2025 agus 1,5 % in 2026.

(16) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 3,3 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú go 136,6 % faoi dheireadh 2025. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 1,3 % in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta 3,3 % de OTI ann in 2025. Léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2025 den chuid is mó méadú ar an mbarrachas príomha (go 0,6 % de OTI, ó 0,4 % in 2024) agus caiteachas úis gan athrú mar sciar de OTI. Go háirithe, is é is cúis leis an méadú ar an bpríomhbharrachas fás láidir ioncaim, a leanann de thairbhe a bhaint as feidhmíocht dhearfach mhargadh an tsaothair, rud lena ndéantar an gearradh buan ar an ding chánach saothair agus an méadú ar chaiteachas caipitiúil a fhritháireamh. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 1,2 % in 2025. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh sí neodrach den chuid is mó in 2025. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh méadú go 136,7 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2025. Léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2025 riachtanais iasachtaíochta shuntasacha den chuid is mó a bhaineann le tionchar lagaithe airgid na gcreidmheasanna cánach le haghaidh athchóirithe tithíochta a rinne difear d'easnaimh na mblianta roimhe sin.

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6).

([12]) Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh san Iodáil, ST 5035/25.

([13]) Tá Tuarascálacha Bliantúla 2025 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

([14]) Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2025.

([15]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

(17) Meastar go maoineofar caiteachas rialtais ghinearálta a dhéanann suas 0,6 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2025, i gcomparáid le 0,2 % de OTI in 2024, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le tacaíocht neamh-inaisíoctha ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe lena gcuirfear leis an táirgiúlacht a dhéanamh gan tionchar díreach a imirt ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na hIodáile.

(18) 1,4 % de OTI in 2021 agus 1,2 % de OTI in 2022 agus 2023 araon, ba é sin caiteachas cosanta an rialtais ghinearálta san Iodáil ([16]). De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfanfaidh an caiteachas cosanta cobhsaí ag 1,3 % de OTI in 2024 agus 2025 araon. Comhfhreagraíonn sé sin do laghdú 0,1 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021.

(19) De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas san Iodáil faoi 1,2 % in 2025 agus gur laghdú carnach 1,0 % a bheidh ann in 2024 agus 2025. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh glanfhás caiteachais na hIodáile in 2025 faoi bhun an uasráta fáis a mholtar arna bhunú leis an gconair cheartaitheach, go bliantúil agus nuair a chuirtear 2024 agus 2025 araon san áireamh. Dá bhrí sin, tá an nós imeachta um easnamh iomarcach don Iodáil ar stad.

(20) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 2,8 % de OTI in 2026, agus réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI go 137,6 % faoi dheireadh 2026. Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 2,6 % de OTI in 2027. Dá bhrí sin, Meastar go dtiocfaidh laghdú go 137,4 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI in 2027. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún easnamh rialtais ghinearálta 2,9 % de OTI in 2026. Léiríonn an laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta in 2026 méadú breise ar an mbarrachas príomha (go 1,1 % de OTI), arna spreagadh go príomha ag laghdú ar fhóirdheontais d'infheistíochtaí, arna bhfritháireamh go páirteach le méadú imeallach ar chaiteachas úis. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 1,5 % in 2026. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh sí neodrach den chuid is mó in 2026. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh méadú go 138,2 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2026. Léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2026 tionchar lagaithe airgid na gcreidmheasanna cánach le haghaidh athchóirithe tithíochta.

(21) Leis an moladh lena bhformhuinítear plean meántéarmach na hIodáile, sonraítear an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar aon le hamlíne chun iad a chur chun feidhme. Áirítear orthu sin bearta atá ann cheana agus bearta treisithe ón bplean téarnaimh agus athléimneachta, chomh maith le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise i réimsí an cheartais shibhialta, an chánachais, lena n-áirítear comhlíonadh cánach agus imghabháil cánach, an timpeallacht ghnó, an riarachán poiblí, cúram leanaí agus éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí, agus cuíchóiriú fiontar faoi úinéireacht stáit. Agus an fhaisnéis a chuir an Iodáil ar fáil ina Thuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn á cur san áireamh, measann an Coimisiún go bhfuil na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a bhí dlite faoin 30 Aibreán curtha chun feidhme nó go bhfuil siad á measúnú faoi láthair i gcomhthéacs iarraidh ar íocaíocht faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Príomhdhúshláin bheartais

(22) Tá an Iodáil ar cheann de na Ballstáit ina bhfuil an daonra is sine, an ráta breithe is ísle agus aois níos airde ná an meán ag mná a shaolaíonn a gcéad leanbh. Tá an chothromaíocht imirce dearfach i gcónaí, ach ní dhéantar an ráta breithe íseal a fhritháireamh a thuilleadh. Mar thoradh air sin, tá an daonra in aois oibre fós ag laghdú, rud a chuireann teorainn leis an bhfás a d'fhéadfadh a bheith ann. D'fhéadfadh bealaí imirce dleathaí dea-bhainistithe cur i gcoinne an mheatha dhéimeagrafaigh, go háirithe sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Sna blianta amach romhainn, meastar go gcuirfidh brúnna fioscacha suntasacha isteach ar an airgeadas poiblí, lena n-áirítear costais mhéadaitheacha a bhaineann le forbairtí déimeagrafacha. Go sonrach, tá caiteachas rialtais san Iodáil claonta i dtreo cosaint shóisialta (in 2024, 20,3 % de OTI agus 43,6 % den chaiteachas príomhúil), rud atá deacair a choinneáil ar bun i bhfianaise brúnna déimeagrafacha. Thairis sin, tá caiteachas na hIodáile ar phinsin i measc na gcaiteachas is airde san Aontas, rud a fhágann go bhfuil sé níos dúshlánaí caiteachas poiblí a shrianadh. Cé go laghdóidh cur chun feidhme iomlán athchóiriú pinsean 2011 an t-ualach de réir a chéile, táthar ag súil fós go dtiocfaidh méadú air sa mheántéarma mar gheall ar threochtaí déimeagrafacha agus ar éifeacht scéimeanna luathscoir. Tá gá le hiarracht chomhbheartaithe chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú, ag tógáil ar na bearta atá beartaithe ag an Iodáil ina plean fioscach struchtúrtha meántéarmach.

([16]) Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG). De bharr difríochtaí modheolaíochta idir sainmhínithe COFOG agus ECAT, d'fhéadfadh sé gurbh éagsúil an caiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú COFOG leis an gcaiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú ECAT.

(23) Tá ioncam cánach na hIodáile i ndáil le OTI réasúnta ard i gcomparáid le piar-Bhallstáit, agus is ó chánachas saothair a thagann an phríomhranníocaíocht. Tá an ding chánach saothair fós i bhfad os cionn mheán an Aontais, d'ainneoin na mbeart a glacadh. Fágann córais speisialta agus an raon leathan caiteachas cánach, lena n-áirítear maidir le cáin bhreisluacha, go bhfuil an córas cánach an-chasta agus go gcreimeann sé an bonn cánach, agus de thoradh air sin bíonn caillteanas suntasach ioncaim ann. Dá n-aistreofaí an t-ualach ard cánach atá ar shaothar faoi láthair chuig foinsí eile ioncaim nach bhfuil chomh díobhálach céanna don fhás, chuideofaí le hacmhainneacht eacnamaíoch na hIodáile a mhéadú. Ina theannta sin, níl cánacha ar fhuinneamh ceaptha chun an t-aistriú chuig teicneolaíochtaí glana a spreagadh. Ar deireadh, tá imghabháil cánach fós ard, cé go bhfuil toradh ar na frithbhearta uaillmhianacha a glacadh le blianta beaga anuas, lena n-áirítear faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta. Ag an am céanna, tá an baol ann go mbeidh bearta a rinneadh le déanaí cosúil le pardún cánach fritorthúil ó thaobh comhlíonadh cánach de, agus is gá dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chóras an chomhaontaithe roimh ré idir an riarachán agus gnólachtaí beaga maidir lena ndliteanais chánach. Níl luachanna cadastracha i gcomhréir fós leis an margadhluach reatha, ós rud é nach bhfuil siad tugtha cothrom le dáta go hiomlán agus go cuimsitheach go fóill. Leis an bplean fioscach-struchtúrtha meántéarmach, tugtar aghaidh go páirteach ar an tsaincheist sin trí chláir chadastracha a thabhairt cothrom le dáta le haghaidh maoin áirithe, mar chéad chéim laistigh d'athchóiriú níos leithne ar bheartais a bhaineann le tithíocht.

(24) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh siad sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse ghairid sin, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, a thabhairt chun críche chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na hIodáile leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún NextGenerationEU – An bóthar go 2026, a glacadh an 4 Meitheamh 2025, soiléirítear an amlíne is infheidhme maidir le deireadh na Saoráide agus soláthraítear treoraíocht do na Ballstáit chun an cur chun feidhme a uasmhéadú faoin 31 Lúnasa 2026, lena n-áirítear maidir le conas a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chuíchóiriú a thuilleadh, leagtar amach na príomhroghanna atá le cur san áireamh agus iad á n-athbhreithniú, agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé pleanáil chomhpháirteach chúramach a dhéanamh roimh ré chun na hiarrataí deiridh ar íocaíocht a chur isteach in 2026. Tá dul chun cinn déanta ag an Iodáil cheana féin maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí ina Plean Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme, agus tá 63 % den leithdháileadh eisíoctha. Chun gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh an Iodáil dlús le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha. Bhainfeadh an Iodáil tairbhe as an acmhainneacht riaracháin a neartú, go háirithe ar an leibhéal áitiúil, agus as moilleanna a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath agus aghaidh a thabhairt orthu go tráthúil. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(25) San Iodáil, tá dlús curtha le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, lena gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+). Tá sé tábhachtach leanúint de na hiarrachtaí chun cur chun feidhme tapa na gclár sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú ag an am céanna. Tá an Iodáil ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais comhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás agus tá an comhtháthú sóisialta á fheabhsú aici ag an am céanna. Ag an am céanna, tá dúshláin fós le sárú ag an Iodáil, lena n-áirítear dúshláin a bhaineann le feabhas a chur ar an iomaíochas i gcomhthéacs an aistrithe thionsclaíoch, dlús a chur leis an aistriú fuinnimh, athléimneacht uisce a mhéadú, go háirithe i réigiúin an deiscirt agus tithíocht go háirithe i gcathracha meitreapholaiteacha agus i gcathracha ina bhfuil daonra mór turasóireachta agus mac léinn. Ina theannta sin, tá dúshláin roimh an tír maidir le feabhas a chur ar scileanna a lucht saothair chun freastal ar riachtanais athraitheacha gnólachtaí, lena n-áirítear rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach a mhéadú agus cuimsiú grúpaí faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair a chothú, amhail mná, daoine óga, agus iad siúd a mbaineann cúlra imirceach leo. I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]), ceanglaítear ar an Iodáil – mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe – gach clár a athbhreithniú agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Leis na tograí ón gCoimisiún a glacadh an 1 Aibreán 2025 ([18]), cuirtear síneadh leis an spriocdháta chun measúnú a chur isteach – le haghaidh gach cláir – ar thoradh an athbhreithnithe mheántéarma tar éis an 31 Márta 2025. Cuirtear ar fáil leo freisin solúbthachtaí chun cuidiú le dlús a chur le cur chun feidhme clár agus dreasachtaí do na Ballstáit acmhainní an bheartais comhtháthaithe a leithdháileadh ar chúig réimse tosaíochta

([17]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

([18]) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma - COM(2025) 123 final.

straitéisí de chuid an Aontais, is iad sin iomaíochas i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh, agus infheistíocht i scileanna i réimsí tosaíochta, agus, ag an am céanna, fócas á choinneáil ar dhaoine sna staideanna is leochailí de réir chláir CSE+.

(26) Deis atá san Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) infheistíocht a dhéanamh i gceann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, is é sin iomaíochas an Aontais a neartú. Cuirtear STEP ar fáil trí 11 chiste AE atá ann cheana. Is féidir leis na Ballstáit rannchuidiú leis an gclár InvestEU freisin, clár a thacaíonn le hinfheistíochtaí sna réimsí tosaíochta. D'fhéadfadh an Iodáil an leas is fearr a bhaint as na tionscnaimh sin chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní san áireamh.

(27) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus i gcistí eile de chuid an Aontais, ba cheart don Iodáil aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin atá fós ann a bhaineann le taighde agus nuálaíocht, fuinneamh, oiriúnú don athrú aeráide, beartas tionsclaíoch agus iomaíocht, margadh an tsaothair, oideachas agus oiliúint chomh maith le ceartas agus riarachán poiblí.

(28) D'ainneoin infheistíochtaí faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta agus faoin bplean fioscach struchtúrtha meántéarmach, cuireann infheistíocht theoranta T&F ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil phoiblí araon bac ar acmhainneacht nuálaíochta agus fáis na hIodáile. In 2023, ní raibh sa chaiteachas gnó ar T & F ach 0,76 % de OTI, go mór faoi bhun mheán an Aontais de 1,49 %. Níl creat dreasachta T&F na hIodáile chomh cuimsitheach agus chomh flaithiúil le creat dreasachta a piaraí san Aontas agus bhainfeadh sé tairbhe as leithdháileadh níos straitéisí na n-acmhainní atá ann cheana i dtreo na nuálaíochta agus an chomhair phoiblí-phríobháidigh. Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta roinnt tionscnamh chun tacú leis an gcomhar idir gnólachtaí agus an saol acadúil, arbh fhearrde iad, áfach, dá mba lú an ilroinnt ann agus dá mbeadh rialachas náisiúnta comhleanúnach acu. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag soláthar nuálaíochta ([19]) freisin maidir le borradh a chur faoin éileamh ar nuálaíocht. Chun go mbeadh sé éifeachtach, bheadh gá le plean gníomhaíochta náisiúnta chun tacú le húsáid mhéadaitheach na huirlise sin, lena n-áirítear spriocanna ceangailteacha caiteachais i gcás inarb iomchuí. Tá acmhainneacht nuálaíochta na hIodáile teoranta ag tosca struchtúracha, go háirithe méid gnólachtaí. Gineann gnólachtaí beaga (a bhfuil níos lú ná 20 fostaí acu) 32,5 % den láimhdeachas gnó iomlán (meán an Aontais: 22,9 %), cé nach ngineann gnólachtaí móra (a bhfuil 250 fostaí nó níos mó acu) – a bhfuil barainneachtaí scála níos mó acu, infheistíochtaí T&F níos mó agus rochtain níos éasca ar mhaoiniú – ach 37,5 % (meán an Aontais: 51,1 %). Chuideodh cur chun cinn uas-scálú gnólachtaí nuathionscanta agus comhiomlánú fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) le hinfheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht a mhéadú agus borradh a chur faoin táirgiúlacht. Ba cheart margaí caipitil na hIodáile a fhorbairt a thuilleadh, d'fhonn liostuithe nua ar an bpríomhmhargadh malairte a mhéadú.

D'fhágfadh sé sin go mbeadh níos mó deiseanna comhdhlúthaithe ann do ghnólachtaí intíre agus go mbeadh rochtain níos mó acu ar shaibhreas teaghlaigh na hIodáile atá os cionn an mheáin. Tá rochtain ar mhaoiniú neamhbhainc teoranta do ghnólachtaí nuálacha, ós rud é go bhfuil an margadh intíre caipitil fiontair agus fáis fós tearcfhorbartha, cé go bhfuil sé ar chonair fáis. Bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta lena dtugtar tacaíocht phoiblí bhreise do chaipiteal fiontair agus lena ndeartar creat chun infheisteoirí institiúideacha a mhealladh, is iad sin an chéad chéim chun na teorainneacha sin a shárú. Mar sin féin, cuireann na margaí caipitil nach bhfuil chomh forbartha céanna teorainn leis na roghanna scoir d'infheisteoirí cothromais phríobháidigh agus caipitil fiontair, rud a chuireann leis an easpa foinsí cistiúcháin le haghaidh nuálaíochta, atá ina phríomhghné d'iomaíochas feabhsaithe. Chun rochtain gnólachtaí nuálacha ar mhaoiniú neamhbhainc a chur chun cinn, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun tacú le tairiscint tosaigh don phobal (TTP) a liostú agus chun éiceachóras bríomhar a fhorbairt le haghaidh caipiteal fiontair agus forbraíochta. Áirítear leis sin rannpháirtíocht infheisteoirí institiúideacha intíre agus corparáidí móra a spreagadh i margaí cothromais liostaithe agus neamhliostaithe araon. Ar deireadh, tá córas taighde agus ollscoile na hIodáile ríthábhachtach don nuálaíocht ach tá dúshláin shuntasacha roimhe. Tá méadú tagtha ar an gcistiú don iar-mheánoideachas agus don ardoideachas le 2 bhliain anuas, má chuirtear san áireamh freisin an líon mór acmhainní atá dírithe ar idirghabhálacha bonneagair. Reáchtáladh glaonna iomaíocha náisiúnta ar thionscadail ar bhonn níos rialta le blianta beaga anuas. Le roinnt athchóirithe struchtúracha leanúnacha, lena gcothaítear idir mhealladh agus choinneáil taighdeoirí tréitheacha, tugtar aghaidh ar an úsáid fhorleathan a bhaintear as conarthaí gearrthéarmacha neamhtionachta do thaighdeoirí mar aon leis an dul chun cinn mall éiginnte gairme. Ina theannta sin, cuireann dreasachtaí teoranta d'ollscoileanna agus do thaighdeoirí chun taighde a thráchtálú bac ar thorthaí nuálaíochta. Cé go bhfuil oifigí aistrithe teicneolaíochta ag feabhsú, tá siad fós measartha beag ó thaobh scála de agus níl acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais acu chun tacú le haschuir thaighde a aistriú go deiseanna nua gnó. D'fhéadfaí feabhas a chur freisin ar a sineirgí le hinfheisteoirí caipitil fiontair.

([19]) De réir threoir C(2018)3051 ón gCoimisiún, tagraíonn 'soláthar nuálaíochta' d'aon soláthar a bhfuil ceann amháin nó an dá cheann de na gnéithe seo a leanas aige: an próiseas nuálaíochta – seirbhísí taighde agus forbartha – agus torthaí (páirteacha) ag gabháil leis – a cheannach; torthaí na nuálaíochta a chruthaigh daoine eile a cheannach. Dá bhrí sin, cumhdaíonn soláthar nuálaíochta soláthairtí T & F, soláthairtí poiblí um réiteach nuálach agus soláthairtí poiblí lena gceannaítear meascán de T & F agus na réitigh nuálacha a eascraíonn astu.

(29) Bhainfeadh an Iodáil tairbhe as straitéis thionsclaíoch náisiúnta chun leithdháileadh acmhainní poiblí a stiúradh, chun tacú le teicneolaíochtaí straitéiseacha agus chun forbairt an Deiscirt a chur chun cinn. Cé gur athsheol glacadh an Leabhar Ghlais agus an phlean straitéisigh le haghaidh an Limistéir Eacnamaíoch Speisialta an díospóireacht phoiblí maidir le forbairt thionsclaíoch, ní théann glacadh pleananna tionsclaíocha iomadúla a bhfuil rialachas éagsúil acu, an easpa comhordaithe, agus níos mó ná 2 000 beart dreasachta a bheith ann i dtreo straitéis fáis náisiúnta shoiléir. Sa chreat atá ann cheana, ní chuirtear treochtaí agus teicneolaíochtaí tionsclaíocha nua san áireamh agus earnálacha straitéiseacha á sainaithint, agus cuireann an easpa gné chríochach teorainn leis an straitéis forbartha le haghaidh príomhcheantar tionsclaíoch. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcomhthéacs táirgeadh tionsclaíoch náisiúnta atá ag laghdú agus éagothromaíochtaí réigiúnacha suntasacha, agus an Deisceart chun deiridh ó thaobh nuálaíochta agus iomaíochais de. Bhainfeadh an straitéis tionsclaíochta tairbhe as comhordú níos fearr le pleanáil infheistíochta bonneagair, agus ba cheart bearta beartais chun oiliúint agus beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a chur chun cinn a chomhtháthú san fhís thionsclaíoch náisiúnta níos leithne, lena n-áirítear trí infheistíochtaí poiblí atá dírithe ar earnálacha straitéiseacha a ailíniú.

(30) Faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta agus faoi na gealltanais atá sa phlean fioscach-struchtúrach meántéarmach, tá athchóiriú uaillmhianach ar an riarachán poiblí á chur chun feidhme ag an Iodáil, athchóiriú a mheastar a dhéanfaidh an bainistiú acmhainní daonna a nuachóiriú, soláthar seirbhísí a fheabhsú, agus an acmhainneacht riaracháin a neartú ar an leibhéal lárnach agus fo-náisiúnta. Áirítear an méid seo a leanas ar phríomhghnéithe an athchóirithe sin agus an ghealltanais faoin bplean fioscach-struchtúrach meántéarmach: (i) an Plean Comhtháite do Ghníomhaíocht Eagraíochtúil (PIAO) a thabhairt isteach agus a neartú, ina dtugtar léargas cuimsitheach ar leibhéil foirne, scileanna agus riachtanais acmhainne gach riaracháin; (ii) tairseach dhigiteach láraithe le haghaidh earcaíochta bunaithe ar phróifílí gairmiúla caighdeánaithe (inPA); (iii) ardán náisiúnta chun oiliúint a chur ar sheirbhísigh phoiblí agus iad a athsciliú (Syllabus); agus (iv) ardán digiteach nua (Minerva) a eisiúint, lena gcumasaítear idir-inoibritheacht. Dá dtógfaí cur chuige sonraíbhunaithe maidir le pleanáil lucht saothair bunaithe ar chomhtháthú na n-uirlisí sin, rachadh sé chun tairbhe d'éifeachtacht riarachán poiblí na hIodáile. Chuirfeadh sé ar chumas riarachán, go háirithe ar an leibhéal áitiúil, a mbearnaí sonracha acmhainneachta a shainaithint agus gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh, cibé acu trí earcaíocht nó trí oiliúint spriocdhírithe. D'fhéadfadh an cur chuige sin cabhrú le riaracháin lárnacha bearta tacaíochta a dhearadh atá níos oiriúnaí do riachtanais riarachán aonair, comhordú a neartú, agus soláthar seirbhísí poiblí a dhéanamh níos éifeachtaí.

(31) Faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta agus faoi na gealltanais atá sa phlean fioscach-struchtúrach meántéarmach, tá athchóiriú mór ar an gcóras ceartais á chur chun feidhme ag an Iodáil, darb aidhm an riaráiste agus na hagaí diúscartha in imeachtaí sibhialta agus coiriúla a laghdú. Chuidigh cruthú oifigí trialach chomh maith le digiteáil trialacha, lena gcuirtear tacaíocht eagraíochtúil agus dhlíthiúil ar fáil do bhreithiúna, le héifeachtúlacht chúirte a fheabhsú. Tá dúshláin ann go fóill, áfach. Cé go bhfuil laghdú ag teacht ar an aga diúscartha i gcásanna sibhialta agus tráchtála i gcúirteanna céadchéime ó 2020 i leith, tá sé fós ar an aga is faide san Aontas. I gcomhréir leis an ngealltanas faoin bplean fioscach-struchtúrach meántéarmach, dá ndéanfaí oifigí trialacha a institiúidiú agus a neartú agus dreasachtaí struchtúracha feidhmíochtbhunaithe a thabhairt isteach do chúirteanna, chuideofaí le héifeachtúlacht an chórais a mhéadú a thuilleadh.

(32) Le dálaí creata níos fearr le haghaidh iomaíochta, d'fhéadfaí acmhainní a leithdháileadh ar bhealach níos éifeachtúla agus bheadh iomaíochas agus gnóthachain táirgiúlachta mar thoradh orthu. Rachadh breis iomaíochta agus rialáil earnála níos fearr chun tairbhe do thomhaltóirí freisin. Faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, tá dul chun cinn maith déanta ag an Iodáil i roinnt earnálacha tábhachtacha, lena n-áirítear fuinneamh, iompar agus an t-éiceachóras le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta, agus trí rialacha náisiúnta maidir le rialú cumasc a nuachóiriú. Leis an athchóiriú ar sheirbhísí poiblí áitiúla faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, tá dámhachtain conarthaí níos iomaíche, ach tá gá le tuilleadh iarrachta chun faireachán ar bhainistiú seirbhísí a mhéadú agus chun soláthar seirbhísí ardcháilíochta do gach úsáideoir a áirithiú. Tá gá freisin le tuilleadh tionscnamh reachtach chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) trádáil mhiondíola, go háirithe maidir leis na rialacha maidir le siopaí a oscailt agus tionscnaimh díolacháin a reáchtáil; (ii) gairmeacha rialáilte, go háirithe chun srianta neamhréireacha a bhaint; agus (iii) an earnáil iarnróid, inar gá dámhachtain conarthaí réigiúnacha agus idirchathrach a bheith oscailte d'iomaíocht. Ar deireadh, tá bacainní suntasacha fós ann i roinnt earnálacha eile, lena n-áirítear cúram sláinte agus cógaisíocht, iompar neamhlíneach agus seirbhísí calafoirt. Go háirithe, ba cheart iomaíocht a chur chun cinn sna réimsí seo a leanas: (i) soláthar táirgí cógaisíochta (go háirithe i gcás táirgí bithchosúla); (ii) cuideachtaí príobháideacha a chreidiúnú (*accreditamento*) don chóras sláinte poiblí; (iii) soláthar seirbhísí iompair neamhlíneacha ar an leibhéal áitiúil; (iv) lamháltais chalafoirt a thairiscint; agus (v) faireachán a dhéanamh ar neamhspleáchas airgeadais agus cuntasacht na n-údarás calafoirt agus iad a chur chun cinn.

(33) Tá bacainní struchtúracha fós roimh an Iodáil maidir le dlús a chur le leictriú a córais fuinnimh agus sciar an fhuinnimh in-athnuaite i nginiúint leictreachais a mhéadú, d'ainneoin a hacmhainneachta suntasaí gréine agus gaoithe. Tá castacht agus ilroinnt na nósanna imeachta ceadaithe fós ina bpríomhbhacainn, rud a chuireann moill ar chur chun feidhme tionscadal agus a chuireann bac ar mhuinín infheisteoirí. Ina theannta sin, tá an cóimheas praghsanna fuinnimh idir leictreachas agus gás i measc na gcóimheas is airde san Aontas. Le hathchóirithe a dtacaítear leo leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tá tús curtha le haghaidh a thabhairt ar scrogaill riaracháin i nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, ach is gá an reachtaíocht cheadaithe

a shimpliú agus a chomhdhlúthú a thuilleadh chun dlús a chur leis an cur in úsáid. An tráth céanna, chun sciartha níos airde d'fhoinsí in-athnuaite inathraitheacha a chomhtháthú, tá gá le hinfheistíochtaí comhordaithe i mbonneagar eangaí leictreachais, go háirithe chun solúbthacht an chórais a mhéadú trí theicneolaíochtaí breosla neamhiontaise amhail sásraí stórála agus freagartha ar éileamh (e.g. taraifí am úsáide, scéimeanna praghsála dinimiciúla, córais méadraithe chliste, agus rannpháirtíocht comhbhailitheoirí agus tomhaltóirí tionsclaíocha i margaí cothromúcháin). Tá idirnaisc trasteorann fós tearcfhorbartha i gcodanna den ghréasán, rud a chuireann teorainn le cumas na hIodáile tairbhe a bhaint as comhardú réigiúnach agus cóineasú praghsanna. Dá neartófaí athléimneacht agus idirnascacht na n-eangach, chuideofaí le cuspóirí dícharbónaithe a bhaint amach trí níos mó leictreachais in-athnuaite a chur ar fáil d'earnálacha a chumhdaítear leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill — go háirithe iompar agus foirgnimh, rud a rannchuideodh le haghaidh a thabhairt ar an mbearna i sprioc an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill. Chuideodh sé freisin le praghsanna fuinnimh a chobhsú agus buaiceanna a bhaineann le giniúint gáis i margadh luaineach a laghdú.

(34) Bíonn tionchar ag neamhchosaint ard na hIodáile ar rioscaí aeráide, go háirithe rioscaí hidrigeolaíocha, ar an ngeilleagar, go háirithe ar FBManna. Mar sin féin, tá rialachas na mbeartas um oiriúnú don athrú aeráide ilroinnte idir roinnt údarás agus comhlachtaí, ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil araon, agus ní bhaintear leas iomlán as acmhainneacht na réiteach dúlrabhunaithe. Thairis sin, éilíonn cailliúint agus díghrádú ithreach bearta chun athléimneacht ithreach a fheabhsú chun rioscaí hidrigeolaíocha agus tionchar na dtromach a laghdú. Thairis sin, cé go bhfuil cumhdach árachais le haghaidh teagmhais a bhaineann leis an aeráid fós ag forbairt, tá ceanglas árachais éigeantach do ghnólachtaí ag teacht i bhfeidhm ó mhí an Mhárta 2025, agus beidh sé curtha chun feidhme go hiomlán faoi dheireadh na bliana. Léiríonn na caillteanais mar gheall ar na teagmhais sin, go bhfuil bearna leathan árachais aeráide ann agus gur gá an creat atá ann cheana a neartú. Tá an Iodáil ag feidhmiú os cionn mheán an Aontais ó thaobh an gheilleagair chiorclaigh de. Mar sin féin, bíonn tionchar tromchúiseach ag easnaimh bhonneagair le haghaidh bainistiú uisce agus dramhaíola, go háirithe i réigiúin an deiscirt, ar an gcomhshaol, agus bíonn costais shuntasacha agus ioncam caillte ag baint leo do gheilleagar na hIodáile.

(35) Tá deighilt mhargadh an tsaothair agus laigí i gcáilíocht na bpost fós ina ndúshláin mhóra san Iodáil, le ráta atá ag dul i laghad ach fós ard conarthaí neamhthipiciúla agus conarthaí ar théarma seasta, go háirithe i measc na mban, na ndaoine óga agus na n-imirceach. Cuireann fás táirgiúlachta saothair atá íseal ó thaobh struchtúir de srian ar fhás pá. Le 10 mbliana anuas, agus an táirgiúlacht saothair éirithe marbhánta, tá méadú tagtha ar an bpá ainmniúil atá faoi bhun an ráta boilscithe; mar thoradh air sin, tá laghdú tagtha ar fhíorphá. D'fhéadfadh neartú na cómhargála cuidiú le fás pá solúbtha inbhuanaithe a chothú a léiríonn táirgiúlacht agus dálaí áitiúla na gcuideachtaí. In 2024, bhí sciar na n-oibrithe atá i mbaol bochtaineachta níos airde ná meán an Aontais, lena n-áirítear d'oibrithe lánaimseartha agus páirtaimseartha araon. In éineacht le pá íseal, cuireann úsáid fhorleathan conarthaí neamhthipiciúla le bochtaineacht lucht oibre freisin trí líon na n-uaireanta oibrithe a laghdú. Tá méadú ag teacht ar líon na gconarthaí buana san Iodáil ach i gcás sciar na bhfostaithe ar théarma seasta, cé gur tháinig laghdú ar an sciar sin ó 15,7 % in 2023 go 14,4 % in 2024, tá sé fós ar cheann de na sciartha is airde san Aontas, agus tá aistrithe ó phoist shealadacha go poist bhuana i bhfad faoi bhun mheán an Aontais. Is airde an baol bochtaineachta d'oibrithe páirtaimseartha agus d'oibrithe ar théarma seasta ná meán an Aontais agus oibrithe buana lánaimseartha na hIodáile araon. Bhí níos mó ná 50 % de chonarthaí páirtaimseartha agus 10 % de chonarthaí sealadacha neamhdheonach, rud a léiríonn an fhéidearthacht tuilleamh a mhéadú trí chonarthaí cobhsaí agus déine oibre níos mó. Cé go bhfuil laghdú ag teacht ar sciar na ndaoine féinfhostaithe aonair i measc daoine atá fostaithe, tá an sciar sin ard freisin i gcomparáid le meán an Aontais. I dteannta a chéile, díspreagann pá íseal agus cineálacha oibre neamhchaighdeánacha forleathana rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, laghdaíonn siad tarraingteacht agus cáilíocht post agus spreagann sé go leor céimithe óga chun dul ar imirce chun ionchais ghairme agus phá níos fearr a bhaint amach thar lear. Ina theannta sin, tá rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair san Iodáil íseal i gcónaí.

Tá an bhearna fostaíochta idir mná agus fir ar cheann de na bearnaí is leithne san Aontas, ag 19,4 pointe céatadáin, agus níl aon chomhartha ann go bhfuil feabhas tagtha uirthi le 10 mbliana anuas. Sa Deisceart, sroicheann an bhearna 28 bpointe céatadáin. Léiríonn sé sin freisin ganntanais thábhachtacha i soláthar seirbhísí cúraim do leanaí agus do dhaoine scothaosta, agus tá tábhacht ar leith ag baint leis an méid sin i bhfianaise threocht an aosaithe dhéimeagrafaigh. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, thacófaí freisin leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir le hanailís tíre dara céim de sheirbhísí an Choimisiúin ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta ([20]). Tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun leanúint de sholáthar seirbhísí inacmhainne oideachais agus cúraim luath-óige agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a leathnú, ag tógáil ar infheistíochtaí agus athchóirithe a rinneadh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ar an ngealltanas atá sa phlean fioscach-struchtúrach meántéarmach ag díriú ar réigiúin a bhfuil cumhdach íseal acu chun éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú agus chun inacmhainneacht cúraim leanaí a mhéadú.

(36) D'fhéadfadh na hathchóirithe a glacadh le déanaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta na dúshláin a bhaineann le hobair neamhdhearbhaithe a laghdú. Mar sin féin, mar gheall ar scála na faidhbe, go háirithe in earnálacha áirithe, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta. Dá gcuirfí feabhas ar tháirgeadh tráthúil sonraí gráinneacha

([20]) SWD(2025)95 – Anailís tíre dara céim ar chóineasú sóisialta i gcomhréir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta (SCF), 2025.

maidir le hobair neamhdhearbhaithe, chuideofaí le díriú níos fearr ar chigireachtaí chomh maith leis an bhfreagairt bheartais. Thairis sin, ag tógáil ar na bearta atá á gcur chun feidhme faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, ní mór díriú ar earnálacha amhail talmhaíocht agus obair intíre le hidirghabhálacha tiomnaithe, mar shampla trí ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a neartú agus trí na dreasachtaí chun brath ar obair neamhrialta a laghdú. Ar deireadh, tá sé ríthábhachtach dlúthfhaireachán a dhéanamh ar na bearta a cuireadh chun feidhme le déanaí, go háirithe i gcás na n-earnálacha is mó atá buailte, chun a n-éifeachtacht a áirithiú agus chun dul i ngleic leis an dúshlán leanúnach sin ó thaobh struchtúir de.

(37) Tá tuilleadh infheistíochta sna córais oideachais agus oiliúna, agus athchóirithe struchtúracha orthu, ríthábhachtach i gcónaí chun aghaidh a thabhairt ar mharbhántacht na táirgiúlachta agus ar bhearnaí scileanna. Léiríonn torthaí shuirbhé PISA 2022 ECFE leibhéal níos ísle ná meán an Aontais i bhfeidhmíocht bunscileanna, agus feabhas ag teacht ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán sa léitheoireacht, agus go bhfuil an fheidhmíocht fhoriomlán cobhsaí i gcónaí san eolaíocht agus ag dul in olcas sa mhatamaitic. Tá an tearcfheidhmíocht thar a bheith suntasach i measc mic léinn faoi mhíbhuntáiste agus iad siúd atá cláraithe i rianta gairmoideachais agus gairmoiliúna, rud a chuireann leis an neamhionannas sóisialta. Chun inniúlachtaí bunúsacha leordhóthanacha a thabhairt do mhic léinn, tá gá le bearta spriocdhírithe. Áirítear orthu sin múinteoirí a bhfuil taithí acu a dhreasú chun oibriú i scoileanna faoi mhíbhuntáiste, scolaíocht lánaimseartha a leathnú (*tempo pieno*), agus raon feidhme tionscnamh amhail clár scoile samhraidh 'Piano Estate' a leathnú. Ina theannta sin, trí mhodhanna teagaisc nuálacha a chur chun cinn agus béim á leagan ar ábhair eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) agus trí fheabhas a chur ar oiliúint inseirbhíse múinteoirí, d'fhéadfaí cuidiú le hinniúlacht i mbunscileanna a mhéadú. Tá an dara ráta gnóthachtála oideachais threasaigh is ísle san Aontas ag an tír. Trí churaclaim iar-mheánscoile a nuachóiriú chun scileanna idirdhisciplíneacha ábhartha agus eolas atá dírithe ar an obair a chomhtháthú, is féidir céimithe a ullmhú ar bhealach níos fearr don mhargadh saothair atá ag athrú go tapa agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar a n-infhostaitheacht.

(38) Cé go bhfuil an ráta foriomlán folúntas san Iodáil fós sách íseal ag thart ar 2 %, tá ganntanas lucht saothair roimh earnálacha amhail earnáil na tógála, earnáil an chúraim sláinte agus earnáil TFC. Cur chun feidhme na mbeart rathúil a chuirtear chun cinn faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a chothú, lena n-áirítear institiúidí teicniúla níos airde, agus curaclaim a ailíniú le riachtanais mhargadh an tsaothair, go háirithe i scileanna idirdhisciplíneacha, glasa agus digiteacha, tá an méid sin riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na ganntanais atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach foghlaim obairbhunaithe a leathnú, agus béim á leagan ar oiliúint ghearrthéarmach agus ar mhicridhintiúir lena ndírítear ar earnálacha ardfháis agus ardéilimh, chun ganntanais lucht saothair a mhaolú sa ghearrthéarma.

(39) Tá rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach san Iodáil fós i measc na rannpháirtíochta is ísle san Aontas agus tá sí ag laghdú, rud a chuireann bac ar fhás táirgiúlachta le linn don lucht saothair a bheith ag dul in aois go tapa. Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus chun acmhainneacht na gclár oiliúna a chothú chun rannchuidiú leis an iomaíochas náisiúnta, tá sé ríthábhachtach an córas foghlama aosaí a neartú go struchtúrach agus beartais oiliúna a ailíniú le tosaíochtaí tionsclaíocha, amhail tionscnaimh *Transizione 4.0* agus *Transizione 5.0*, ag díriú ar oiliúint a sholáthar le haghaidh scileanna a éilíonn earnálacha ardfháis. Bunaithe ar mheasúnú tionchair, ba cheart bearta rathúla an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an déchóras agus ráthaíocht infhostaitheachta na n-oibrithe (*garanzia di occupabilità dei lavoratori* – GOL) faoi bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, a leathnú thar 2026 agus ba cheart iad a dhéanamh níos intuartha do ghníomhaithe i margadh an tsaothair. Ba cheart pleananna scileanna réigiúnacha faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a ailíniú le straitéisí tionsclaíocha náisiúnta, amhail *Libro Bianco*, chun forbairt scileanna comhleanúnach a áirithiú a thacaíonn le tosaíochtaí eacnamaíocha.

(40) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2025 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na hIodáile, cuidíonn moltaí (1), (2), (3), (5) agus (6) le cur chun feidhme an chéad mholta maidir leis an limistéar euro i dtaca le hiomaíochas, cuidíonn moltaí (1), (4) agus (6) le cur chun feidhme an dara moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le hathléimneacht, agus cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an tríú moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a leagtar amach i Moladh 2025.

(41) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a chonclúid maidir le míchothromaíochtaí a bheith ann, léirítear moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moltaí (1), (3), (5) agus (6). Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (1) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le fiachas ard rialtais. Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moltaí (1), (3), (5) agus (6) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le méadú lag táirgiúlachta, rud a thacaíonn le fás ionchasach OTI dá réir sin, agus mar thoradh air sin, cuidíonn siad freisin le haghaidh a thabhairt ar mholadh (1). Cuidíonn moltaí (1), (3) (5) agus (6) chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus chun an Moladh a chur chun feidhme le haghaidh bheartas eacnamaíoch an limistéir euro, i gcomhréir le haithris 40.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Iodáil in 2025 agus in 2026 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus an inbhuanaitheacht fiachais á háirithiú ag an am céanna agus i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025. Cloí le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais arna moladh ag an gComhairle an 21 Eanáir 2025, d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach. An tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an tréimhse choigeartúcháin fhadaithe a chur chun feidhme, mar a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025. I gcomhréir le cuspóirí inbhuanaitheachta fioscaí, an córas cánach a dhéanamh níos fabhraí don fhás, trí imghabháil cánach a chomhrac a thuilleadh, tríd an ding chánach saothair agus na caiteachais chánach atá fágtha a laghdú, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le cáin bhreisluacha agus fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol, chomh maith le luachanna cadastracha a thabhairt cothrom le dáta, ag tógáil ar an ngealltanas atá sa phlean fioscach-struchtúrach meántéarmach mar chuid d'athbhreithniú níos leithne ar bheartais a bhaineann le tithíocht, agus cothrom na féinne á háirithiú an tráth céanna. Dlús a chur leis na hiarrachtaí chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú. Éifeachtaí an aosaithe ar fhás féideartha agus ar inbhuanaitheacht fhioscach a mhaolú, lena n-áirítear trí theorainn bhreise a chur le húsáid scéimeanna luathscoir agus trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha, agus lucht saothair ardcháilíochta a mhealladh agus a choinneáil freisin.

2. I bhfianaise na sprioc-amanna is infheidhme chun athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt chun críche go tráthúil faoi Rialachán (AE) 2021/241, dlús a chur le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CUAC, CSE+), agus, i gcás inarb iomchuí, na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an athbhreithniú meántéarma a thapú agus dul chun cinn a dhéanamh dá réir. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais, na deiseanna a chuirtear ar fáil le clár InvestEU agus leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip san áireamh, chun cur leis an iomaíochas.

3. Tacú leis an nuálaíocht trí naisc idir an lucht gnó agus an saol acadúil, soláthar nuálaíochta, caipiteal fiontair corparáideach agus deiseanna do dhaoine tréitheacha a neartú a thuilleadh. Borradh a chur faoi ról na n-ollscoileanna sa nuálaíocht trína bhfócas ar thráchtálú torthaí taighde a mhéadú a thuilleadh agus trí chonair ghairme na dtaighdeoirí a fheabhsú. Fás agus comhiomlánú FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta a chur chun cinn, i bhfianaise na ngealltanas atá sa phlean fioscach-struchtúrach meántéarmach freisin. Straitéis thionsclaíoch a chur chun feidhme chun an deighilt chríochach a laghdú, trí na bearta beartais atá ann faoi láthair a chuíchóiriú agus trí phríomhthionscadail bhonneagair a chur san áireamh.

4. Éifeachtacht agus acmhainneacht an riaracháin phoiblí a mhéadú a thuilleadh agus an acmhainneacht riaracháin a neartú a thuilleadh, go háirithe ar an leibhéal áitiúil. Riaráiste agus am diúscartha an chórais ceartais a laghdú a thuilleadh. Aghaidh a thabhairt ar na srianta atá fós ar an iomaíocht, lena n-áirítear i seirbhísí poiblí áitiúla, i seirbhísí gnó agus in iarnróid.

5. Dlús a chur leis an leictriú agus dlús a chur leis na hiarrachtaí chun fuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid, lena n-áirítear trí ilroinnt na rialála ceadaithe a laghdú agus trí infheistíocht a dhéanamh san eangach leictreachais. Aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus a dtionchar eacnamaíoch a mhaolú, trí chomhordú níos institiúidí, réitigh dhúlrabhunaithe agus cumhdach árachais aeráide. Dul i ngleic le neamhéifeachtúlachtaí atá fós ann i mbainistiú uisce agus dramhaíola trí bhearnaí bonneagair a laghdú.

6. Cáilíocht post a chur chun cinn agus deighilt i margadh an tsaothair a laghdú, chun tacú, ina theannta sin, le pá leordhóthanach, agus rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a mhéadú, go háirithe do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht, lena n-áirítear trí bheartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair a neartú a thuilleadh agus rochtain inacmhainne ar chúram leanaí agus fadtéarmach ar ardchaighdeán a fheabhsú, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha á gcur san áireamh. Leanúint de na hiarrachtaí chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, go háirithe sna hearnálacha is mó atá buailte. Leanúint de ghairmoideachas agus gairmoiliúint iar-mheánscoile agus oiliúint san obair a chur chun cinn in earnálacha ardéilimh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna gearrthéarmacha, agus an fhoghlaim aosach á neartú an tráth céanna tríd an bhfoghlaim obairbhunaithe a leathnú in earnálacha ardfháis. Torthaí oideachais a fheabhsú, agus béim á leagan ar mhic léinn faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear trí bhunscileanna a neartú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE